Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

REPORT TO ARTS, CULTURE, LEISURE AND RECREATION SPC
21ST NOVEMBER 2022
Item No. 13

Miontuairiscí – 2 Meán Fómhair 2022 ag 2.30i.n

Miontuairiscí den chruinniú – Dé hAoine, 2 Meán Fómhair, 2.30pm ar Zoom

I Láthair: An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha (Cathaoirleach), Comhairleoir Nial Ring, Ray Yeates, Julian de Spáinn (Conradh na Gaeilge), Orla McMorrow, Darach O'Connor,

Leithscéalta: An Comhairleoir Deirdre Heney, Donncha Ó Cathasaigh,

Ag glacadh na miontuariscí: Catherine Neville / Orla McMorrow

Clár Oibre

1. Miontuairiscí
2. Nithe a bhaineann leis na Miontuairiscí
3. Pleanáil le Lá Mór na Gaeilge 2023.
4. BÁC le Gaeilge (Julian)
5. Aon ghnó eile

1. **Miontuairscí** - glacadh leis na miontuairiscí.

2. **Nithe a bhaineann leis na Miontuairiscí** – Ní raibh aon rud le plé.

3. Pleanáil Lá Mór na Gaeilge 2023:

Chuir Julian de Spáinn in iúl don chruinniú go raibh féilire CnaG seolta amach chuig na scoileanna an dáta a aontaíodh roimhe seo do Lá Mór na Gaeilge [30ú lá d'Aibreán] luaite ann.
Mhol Julian go dtiocfadh baill Coiste BÁC le Gaeilge agus oifigigh an Chomhairle ón fhochoiste le chéile i gceann coicíse chun Lá Mór na Gaeilge na bliana seo a phlé agus chun plean a chur le chéile le neart ama roimh Lá Mór na Gaeilge na bliana seo chugainn.

Dúirt Ray Yeates, b'fhiú machnamh a dhéanamh ar spriocanna fadtéarmacha a phleanáil don imeacht seo agus féachaint ar chonas a shamhlaímid go bhforbróidh sé i gceann 3 nó 5 bliana. Dúirt Julian go bhféadfaí tuarascáil a thabhairt ar ais chuig an bhfochoiste tar éis na pleananna agus thodhchaí na hócáide a bheith pléite.

4**. Baile Átha Cliath le Gaeilge**:

Roinn Julian de Spáinn sampla de bhunachar sonraí ar an scáileán. Léirigh sé liosta de líon agus na cineálacha éagsúla de gnólachtaí a raibh foireann BÁC le G ag plé leo. Bhí thart ar 20 comhlacht ann a bhí sásta oibriú le BÁC le G chun Gaeilge a úsáid agus a gcuid custaiméirí a spreagadh chun Gaeilge a úsáid trí lascainí a sholáthar srl.

Roinn Julian íomhá de mhír amháin dá leithéid a chuireadh ar gcumas gnólachtaí fáilte a chur roimh úsáid na Gaeilge agus ag an am céanna a thaispeánfadh go soiléir leibhéal caighdeán na Gaeilge atá ag an ngníomhaire seirbhíse.

Dúirt Julian go raibh seoladh BÁC le G á eagrú agus go raibh sé beartaithe é a chur ar siúl i dTeach an Ard-Mhéara ag brath ar an líon daoine a bheifí ag súil leis. Bhí Orla McMorrow in ann a dhearbhú go raibh Teach an Ardmhéara curtha in áirithe don ócáid i mí Dheireadh Fómhair.

5. Aon ghnó eile:

Thug Orla McMorrow le fios gur sheol she cuireadh chuig an gCuideachta Chultúir le cur i láthair a dhéanamh ag an gcruinniú ach nach raibh freagra faighte ar ais aici ina dtaobh.

Mhol Ray Yeates go mb'fhéidir gur cheart cuir le ballraíocht an choiste agus cuireadh a thabhairt do dhaoine aonair nó grúpaí lasmuigh den Chomhairle gur spéis leo An Ghaeilge a chur chun cinn agus úsáid sa Chathair. Luadh pobal na Gaeilge i gCeantar Inse Chóir agus pubal na Gaeilge i gCluain Dolcáin, áit a bhfuil stádas mar Líonra Gaeilge bainte amach.

Mhol Ray Yeates féachaint arís ar aidhmeanna & spriocanna fadtéarmacha (3 nó 5 bliana amach romhainn) an bhfochoiste agus go bhféadfaí ollchruinniú a eagrú i dTeach an Ard-Mhéara leis na páirtithe leasmhara go léir. Deis a bheadh ann don Fhochoiste míniú a thabhairt ar ár bhfís agus cad atá déanta go dtí seo againn, ar nós BÁC le G, Lá Mór na Gaeilge srl. D'fhéadfaimis plé a bheith againn agus éisteacht leis an ionchur ó pháirtithe leasmhara chun ár sprioc fadtéarmach a shoiléiriú.

Dúirt Julian gur chreid sé go raibh go leor den bhunobair déanta, idir bunú an Fhochoiste, BÁC le G agus an chomhoibriú idir an Chomhairle agus CnaG agus go bhfuilimid ag dul sa treo ceart chun plean teanga a fhorbairt don Chathair/Contae.

Comhairleoir Mícheál Mac Donncha
(Cathaoirleach),

Minutes of the meeting – Friday 2nd September, 2.30pm on Zoom

Present: An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha (Cathaoirleach), Comhairleoir Nial Ring, Ray Yeates, Julian de Spáinn (Conradh na Gaeilge), Orla McMorrow, Darach O'Connor,

Excused: An Comhairleoir Deirdre Heney, Donncha Ó Cathasaigh,

Taking minutes: Catherine Neville / Orla McMorrow

Agenda

1. Minutes
2. Matters arising from minutes
3. Planning for Lá na Gaeilge 2023
4. BÁC le Gaeilge (Julian)
5. AOB

1. **Minutes** – the minutes were agreed

2. Matters arising from minutes – no matters arising

3. Planning for Lá Mór na Gaeilge

Julian de Spáinn advised the meeting that the Conradh na Gaeilge calendar was sent out to the schools with the agreed date of 30th April for Lá Mór Gaeilge
Julian recommended that members of the BÁC le Gaeilge and DCC Officers of the sub-committee should meet within a fortnight to discuss this year's Lá Mór na Gaeilge and to plan ahead for next year.

Ray Yeates said that the long-term goals of this event should be considered when planning and contemplate how we would like it to develop in three to five years
Julian said that a report could be given to the sub-committee further to planning and the future of the event could be discussed.

4**. Baile Átha Cliath le Gaeilge**:

Julian de Spáinn shared a sample data base on the screen. He showed a list of different types of businesses that the BÁC le Gaeilge team were dealing with. There were approx.. 20 companies that were willing to work with BÁC le Gaeilge in using Irish and hoped to encourage their customers to also use Irish by providing discounts.

Julian shared an image of one such item that would enable businesses to welcome the use of Irish and at the same time show clearly the level/standard of Irish of the person serving.

Julian said that a launch of BÁC le G was still to be arranged and that it was agreed to have it in the Mansion House depending on the number of people wishing to attend. Orla McMorrow was able to confirm that the Mansion House was reserved for an occasion in October.

5. Aon ghnó eile: AOB

Orla McMorrow advised that she sent an invitation to DCC Culture Company to give a presentation to the meeting but she hadn't received a response from them.
Ray Yeates recommended that it be put to the Subcommittee members to invite individuals or groups outside the Council with interest in promoting Irish and its use in the City. The Irish Community Group in Inchicore was mentioned as well as the Irish Language group in Clondalkin, where status as an Irish Network has been achieved.

Ray Yeates recommended that the aims and long-term objectives (3 or 5 years ahead) are looked at again and that a mass meeting could be arranged in the Mansion House with all interested parties. There would be an opportunity for the Subcommittee to explain our vision and what has been done so far, e.g. BÁC le G, Lá Morn a Gaeilge. We could have discussions and listen to input from interested parties in order to clarify our long-term goals.

Julian said that he believed that a lot of the groundwork has been done, in establishing a sub-committee, BÁC le G and the joint co-operation between the Council and Conradh na Gaeilge and we are going in the right direction to develop a Language Plan for the City/County.

Councillor Micheál Mac Donncha
Chairperson